# Ceacht a Dó ~ Daonáireamh 2006

## Téama
Céard é Daonáireamh?

## Aidhmeanna
Go gcuirfear ar chumas an pháiste:
- Míniú céard é an daonáireamh agus cén fáth go gcuirtear i gcrích é
- cur síos a dhéanamh ar an mbealach a chuirtear i gcrích an daonáireamh
- liosta a dhéanamh de chuid den eolas a bhailítear
- plé a dhéanamh ar an mbealach is féidir na sonraí a bhailítear a úsáid

## Comhthathú agus Nascáil
**Matamaitic** Uimhir – Sórtáil, Sraitheanna a chur le chéile agus a chur i gComparáid, Comhaireamh
**Sonraí**: Léiriú agus Míniú
**Gaeilge** Forbairt ar an Teanga Labhartha

## Tascanna
- Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a hAon
- Gníomhaíocht don rang ar fad – Cártaí sórtála an daonáirimh
- Na céimeanna i gciorcal an daonáirimh
  - Gníomhaíocht a 1 – Dráma an Daonáirimh
  - Gníomhaíocht a 2 – Focal Cuardaigh
  - Gníomhaíocht a 3 – Póstaer an Daonáirimh
  - Gníomhaíocht a 4 – Tomhas an Daonáirimh
  - Gníomhaíocht a 5 – 23 Aibreán 2006

## Teastaíonn
- Príomhcheisteanna M 2.1
- Bileoga A4 – céimeanna i gciorcal an Daonáirimh M 2.2
- Patrún do phóstaer an Daonáirimh M 2.3
- Focal cuardaigh an daonáirimh M 2.4
- Tomhas an Daonáirimh M 2.5
- Bileog oibre an daonáirimh – 23 Aibreán 2006 M 2.6

## Naisc Bhaile/Scoile
Iarr ar na páistí sraith de chártaí sórtála an daonáirimh a thabhairt abhaile agus iad a phlé sa bhaile. (Is féidir iad a laghdú agus 4 chinn a phriontáil ar bhileog amháin)

## Príomhtheachtaireachtaí
- Foinse an-tábhachtach eolais maidir lenár dtír é an daonáireamh.
- Tá na fíricí agus na figiúirí a sholáthraíonn an daonáireamh riachtanach le pleanáil don todhchaí.

## Foclóir
*Daonáireamh, bailigh, eolas, sonraí, fiafraigh, cuir ceist, liostaigh, foirm, Dé Domhnaigh, Aibreán, eolas, aois, seoladh, oideachas, cáin, comhairigh, tír, meas, rialtas, inscne, fostaíocht*

Is foinse shaibhir é an foclóir thuasluaite d'ábhar díospóireachta agus don obair scríofa freisin.

## Measúnú
Beidh na páistí in ann
- na príomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a hAon a insint duit
- tosú ag baint úsáide as an bhfoclóir a bhaineann le próiséas an Daonáirimh 2006 sa chomhthéacs
- na céimeanna i bpróiséas an daonáirimh a chur in ord mar is ceart trí chártaí léirithe a shórtáil agus an próiséas a phlé
- foclóir an daonáirimh a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs
- cuid den eolas a bhailítear i rith an daonáirimh a aimsiú agus réamhinsint cén chaoi go bhféadfaí é a úsáid ar mhaithe leis an tír.

## Pointí Airde don Mhúinteoir
Déan nóta de na páistí a bhfuil suim mhór acu i bpróiseas an daonáirimh agus spreag iad le taighde a dhéanamh ar an daonáireamh ar shuíomh idirlíne na POS.
Tóg nóta d'aon pháistí a bhfuil fadhbanna acu leis an eolas a chur in ord agus téigh siar ar rudaí a chur in ord leo i rannóga eile den churaclam.

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 2

Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a hAon – céard is cuimhin linn?

- Baineann ord le próiséas bailiúcháin na sonraí
- Is féidir sonraí a úsáid le tuairimí nó tréithe grúpa daoine a léiriú
- Is féidir cúnamh a fháil le fadhbanna laethúla a réiteach trí shonraí a bhailiú agus a mhíniú
- Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla

## Babhta Tobsmaointe

- Pléigh na sonraí a bhailítear taobh istigh den seomra ranga gach lá leis na páistí.
- Labhair leis na páistí faoin rolla. Iarr ar na páistí cén t-eolas/sonraí a chuirtear isteach sa leabhar rolla gach lá – ainm an dalta, dáta breithe, seoladh, uimhir aitheantais nó rolla, láithreacht …
- Fáigh amach ó na páistí cén chaoi gur féidir na sonraí seo a úsáid – an múinteoir ranga/príomhoide ag coinneáil taifid den láithreacht, le dul chun cinn an dalta a léiriú agus é/í ag dul tríd an mbunscoil, le scrúdú ó chigirí na Roinne Oideachais agus ó Oifigigh Láithreachta Scoile, le figiúirí a chur ar fáil de líon na bpáistí atá le dul chuig meánscoileanna/taifid, ar mhaithe le cúrsaí staire…
- Mínigh do na páistí go mbíonn áireamh oifigiúil ag an rialtas de dhaonra na tíre ar an mbealach céanna go dtógann an múinteoir an rolla gach maidin.
- Tabhair deis do na páistí an t-eolas agus an taithí atá acu faoin daonáireamh a roinnt leis an rang.

**Ar chuala aon duine riamh caint ar an daonáireamh? Céard a cheapann sibh atá ann? Cén fáth go dteastaíonn sé?**
**Cé chomh minic a cheapann sibh a bhíonn sé ann? Cén bealach a cheapann sibh go ndéantar an daonra a chomhaireamh?**
**Breathnaigh ar smaointe na bpáistí agus déan iad seo a cheangal leis an bpróiséas bailiúcháin sonraí.**

Taispeáin an focal DAONÁIREAMH do na páistí agus mínigh é i.e. comhaireamh oifigiúil ar líon na ndaoine (daonra) sa tír.

- Iarr ar na páistí smaoineamh ar na ceisteanna go bhféadfaí a bheith ar fhoirm an Daonáirimh 2006. Déan liosta díbh seo ar chairt/clárdubh.
- Labhair faoin bhfáth a bhaineann leis an daonáireamh a bheith ann. Spreag na páistí leis na sonraí a theastaíonn a cheangal leis an gceist, mar shampla má tá sé tábhachtach fáil amach cén modh taistil is mó a úsáideann daoine le dul chun na hoibre, d'fhéadfaí go mbeadh ceist mar seo a leanas ar fhoirm an daonáirimh:
  'Cén modh taistil chun na hoibre atá agat?'
- Bain úsáid as na príomhcheisteanna do Dhaonáireamh 2006 (M 2.1) don díospóireacht treoraithe seo.
- Iarr ar na páistí cén t-eolas a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón rialtas a fháil amach ó dhaonáireamh agus cén fáth.
- Ón mbabhta tobsmaointe spreag na páistí le labhairt faoi chuid de na ceisteanna seo a leanas:
  - An tír shaibhir nó bhocht í ár dtír?
  - An bhfuil níos mó daoine ina gcónaí anseo ná mar a bhí nuair a tógadh an daonáireamh cheana?
  - An bhfuil níos mó seandaoine ná daoine óga sa tír?
  - An bhfuil níos mó fireannaigh ná baineannaigh sa tír?

- Cá bhfuil an chuid is mó daoine ina gcónaí? Faoin tuath? I mbailte/i gCathracha?
- Cé mhéid daoine atá ar scoil?
- Cé mhéid daoine atá ag obair?
- Cén cineál postanna atá ag daoine?
- Cén chaoi a dtéann daoine chun na hoibre nó chun na scoile?

*D'fhéadfaí an t-eolas seo a leanas maidir leis an Daonáireamh a roinnt leis na páistí. Seachain míniú na bhfocal a fhoghlaim 'de ghlan mheabhair' tríd an oiread den eolas a fháil ó na páistí iad féin.*

Céard é Daonáireamh?
Áireamh oifigiúil de dhaonra tíre é daonáireamh. Daonáireamh a thugtar ar an gcineál áirimh seo agus tá sé á dhéanamh ón anallód.
Cén fáth a dteastaíonn an t-eolas seo ó dhaoine?

Ón Laidin *censere* a thagann an focal Béarla ar an daonáireamh 'Census' agus ciallaíonn sé "measúnú nó cáin".
Tharla sé seo mar bhíodh oifigigh rialtais ag cur cláir le chéile de na daoine agus dá maoin.
Cuireadh luach ansin ar an maoin ar mhaithe le cáin a ghearradh uirthi.
Lucht áirimh a tugadh ar na hoifigigh rialtais seo.
Cén fáth gur gá do rialtais cáin a ghearradh ar dhaoine? Céard a dhéanann siad i do thuairim leis an airgead? An mbeadh tír in ann feidhmiú gan cháin a ghearradh ar an daonra?

Rinneadh mion eolas a bhailiú ar an daonra freisin le daoine a aimsiú don tseirbhís mhíleata.
An gá do dhaoine dul san arm sa tír seo? Cén fáth gur theastaigh airm mhóra ó thíortha san anallód?

B'iad na Rómánaigh a thóg na daonáirimh ba iomlána san anallód (ag tosú sna 500aidí RC).

Cén fáth go gcuirtear daonáireamh i gcrích?
Tá daonáireamh ann le fíricí agus figiúirí (staitisticí) a theastaíonn ón rialtas a chur ar fáil le staidéar a dhéanamh ar chuinsí eacnamaíocha agus sóisialta na tíre.
Sa lá inniu tógann beagnach gach tír daonáireamh oifigiúil uair amháin gach cúig nó deich mbliana. Tá an daonáireamh an-tábhachtach mar tugann sé pictiúr cruinn den tír agus is é an fhoinse is fearr eolais maidir le tír.
Tá an t-eolas a sholáthraíonn daonáireamh fíor luachmhar mar gheall go gcuireann sé bunús ar fáil don dea-rialtas.
Cén cineál rudaí a theastaíonn a bheith ar eolas ag rialtas maidir leis na saoránaigh? Déan iarracht na páistí a spreagadh le ceannteidil a lua, mar shampla postanna, an méid airgid a shaothraíonn daoine, an áit ina gcónaíonn daoine
Is féidir leis an rialtas a insint:

- cén chaoi a bhfuil ag éirí le heacnamaíocht na tíre
- an bhfuil an daonra ag méadú / ag laghdú
- aon athruithe i gcothromaíocht aoise agus inscne
- an líon daoine atá ina gcónaí i gceantair tuaithe/uirbeacha (faoin tuath/i mbaile)
- líon na ndaoine sna bunscoileanna/meánscoileanna/san oideachas tríú leibhéil
- athruithe i ngairmeacha agus líon na ndaoine atá fostaithe
- modhanna taistil in úsáid…

Ar an mbealach céanna agus a bhailíonn príomhoide na scoile eolas taobh istigh den scoil bailíonn an rialtas freisin eolas le treochtaí a mheas don todhchaí agus don phleanáil ag leibhéil éagsúla – náisiúnta, áitiúil, poiblí, príobháideach.

## Forbairt Teanga

Sa seisiún tobsmaointe beidh sé tábhachtach forbairt a dhéanamh ar an bhfoclóir a bhaineann leis an daonáireamh. Seo a leanas liosta úsáideach:

| | | | |
|---|---|---|---|
| * Daonáireamh | * Cáin | * Trádáil | * Fostaíocht |
| * Eolas | * Sonraí | * Suirbhé | * Oideachas |
| * Daonra | * Rialtas | * Staitisticí | * Inscne |
| * Clár | * Talmhaíocht | * Sóisialta | * Gairm |
| * Maoin | * Tionscal | * Eacnamaíocht | * Tuaithe / Uirbeach |
| * Measúnú | * Náisiúnta | * Treocht | * Sonraí |

## Gníomhaíocht don Rang Iomlán

Labhair leis na páistí faoin daonáireamh agus mínigh cén chaoi a gcuirtear an daonáireamh i gcrích ag baint úsáide as cártaí leide **M 2.2** mar bhunús na díospóireachta. Is féidir na páistí a spreagadh le tomhas céard í an chéad chéim eile agus is féidir na cártaí a chur in ord ar leic an chláir dhuibh.

Céim a 1: Dáilítear foirmeacha an daonáirimh ar theaghlaigh mí roimh Lá an Daonáirimh.
Céim a 2: Oíche an Daonáirimh léann daoine ar fud na tíre na ceisteanna ar fhoirm an daonáirimh agus scríobhann siad na freagraí ar an bhfoirm.
Céim a 3: Bailítear foirmeacha an daonáirimh ónár dteaghlaigh.
Céim a 4: Déantar foirmeacha an daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil isteach i ríomhaire i lár oifig.
Céim a 5: Cuirtear na freagraí / an t-eolas ar ghraif nó scríobhtar ar liostaí iad.
Céim a 6: Léann daoine na graif nó liostaí seo agus scríobhann siad tuairiscí.
Céim a 7: Déanann na daoine a ritheann ár dtír (an rialtas) pleananna len í a fheabhsú mar áit chónaithe.

Tar éis díospóireachta is féidir na cártaí a thabhairt do pháistí aonair agus is féidir leo seasamh in ord – iarr ar na páistí cén fáth go ndéantar rudaí in ord faoi leith. Ba cheart béim a leagan ar ord na ngníomhaíochtaí i gciorcal an daonáirimh agus na páirteanna a phlé.

Leag béim ar dháta an Daonáirimh atá ag teacht – 23 Aibreán 2006

## An Rang Iomlán

Díospóireacht maidir leis an méid a d'fhoghlaim muid inniu.
*An cuimhin le haon duine céard é daonáireamh?*
*Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach ?*
*Cé chomh minic a thógtar daonáireamh?*
*Lig ort go bhfuil tú ag míniú ciorcal an daonáirimh do do pháirtí –an féidir leat insint dó/di cén t-ord ina tharlaíonn na céimeanna i gciorcal an daonáirimh?*
*Mar ghníomhaíocht don rang iomlán cuir na cártaí ó chiorcal an daonáirimh i bhfolach agus iarr ar na páistí an chéad chéim, an dara céim agus mar sin de a insint duit. Nuair a luann páiste céim tabhair an cárta cuí dó/di agus iarr air/uirthi seasamh in ord ag barr an tseomra ranga.*

# Obair bhreise:

## Gníomhaíocht a 1 – dráma

Gníomhaíocht spraíúil a thabharfaidh cúnamh do na páistí cuimhniú ar chéimeanna an phróiséis é dráma a dhéanamh de chiorcal an daonáirimh nó den phróiséas bailiúcháin sonraí. Is féidir le grúpaí ligint orthu gur teaghlaigh iad agus is féidir le cuid de na páistí a bheith ina n-áiritheoirí.

1: Dáileann an t-áiritheoir foirm an daonáirimh ar an teaghlach.
2: Comhlánann ceann an teaghlaigh foirm an daonáirimh in éineacht leis an teaghlach.
3: Bailíonn an t-áiritheoir foirm an daonáirimh ón teaghlach agus freagraíonn sé/sí aon cheisteanna atá ag an teaghlach.

Is féidir leis na páistí ansin na chéad chéimeanna eile atá le tarlú a insint duit in ord:

Déantar foirmeacha an daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil isteach sa ríomhaire.
Déantar graif a tharraingt chomh maith le liostaí a thaispeánann an t-eolas ó na foirmeacha.
Léann lucht an daonáirimh na graif/liostaí agus scríobhann siad tuairiscí. Bíonn siad ar an teilifís agus ar an raidió freisin le torthaí an daonáirimh a insint dúinn.
Déanann ceannairí na tíre pleananna leis an tír a fheabhsú mar áit chónaithe.

Is féidir le páistí na cártaí móra A4 a úsáid le béim a leagan ar gach céim den phróiséas. Is féidir ansin na lipéidí seo a thaispeáint sa seomra ranga.

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas ann le díospóireacht a spreagadh inár féidir an foclóir a bhaineann leis an daonáireamh a úsáid.

## Gníomhaíocht a 2– Póstaer Samplach Daonáirimh M 2.3

Déan Póstaer an Daonáirimh a dhearadh le béim a leagan ar dháta an Daonáirimh is é sin an 23 Aibreán 2006 ag baint úsáide ag teicnicí éagsúla ó Churaclam na nEalaíon Radharcadh. Tá póstaer samplach **M 2.3** curtha ar fáil mar spreagadh.

## Gníomhaíocht a 3 – Focal Cuardaigh an Daonáirimh M 2.4 agus an freagra

Chomh maith leis na focail a mhúineadh do na páistí mar chuid den ghníomhaíocht chainte is féidir iad a léiriú ar luas chártaí agus úsáid a bhaint astu mar spreagadh do roinnt oibre simplí scríofa agus mar ghníomhaíocht do pháistí a chríochnaíonn go luath nó do pháistí a bhfuil ardchumas acu.

## Gníomhaíocht a 4 – Tomhas an Daonáirimh M 2.5 agus an freagra

Leagann an ghníomhaíocht bhreise seo béim ar an dáta don daonáireamh, is é sin an 23 Aibreán 2006 ag baint úsáide as fadhb mhatamaiticiúil.

## Gníomhaíocht a 5 – 23 Aibreán 2006 M 2.6

Tá ceisteanna spraíúla ar bhileog oibre an daonáirimh don pháiste le ceisteanna spraoi, tascanna agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar dháta an Daonáirimh 23 Aibreán 2006.

# Daonáireamh 2006 ~ Príomhcheisteanna

## Daoine i Láthair Oíche an Daonáirimh

- Ainm
- Gnéas
- Dáta Breithe
- Áit Bhreithe
- Náisiúntacht
- Áit chónaithe oíche an Daonáirimh
- Stádas Pósta
- Creideamh
- An Ghaeilge
- Modh taistil chun na hoibre, na scoile nó an choláiste
- Achar taistilithe
- Am a thógann sé
- Oideachas
- Gníomhaíochtaí Deonacha
- Gairm bheatha

## Tréithe an Teaghlaigh

- Cineál cóiríochta
- An bhliain ar tógadh an teach
- Cíos íoctha
- Líon seomraí
- Téamh lárnach
- Soláthar uisce
- Áiseanna séarachais
- Líon carranna agus veain
- Úinéireacht RP
- Rochtain ar an idirlíon

# Dáilítear foirmeacha an Daonáirimh ar ár dtithe

# Déantar foirmeacha an Daonáirimh a chomhlánú Lá an Daonáirimh

# Bailítear foirmeacha an Daonáirimh tar éis Lá an Daonáirimh

# Déantar foirmeacha an Daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil

# Cuirtear eolas ar ghraif nó ar liostaí

# Léann daoine na graif agus scríobhann siad tuairiscí

# Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú

**M 2.3**

# Daonáireamh


# Aibreán, 23ú 2006

# Oíche Dé Domhnaigh

# Neart eolais atá

# Riachtanach don lá

# Amárach a phleanáil



M 2.4

# Focal Cuardaigh

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | a | o | n | r | a | c | h | i | b |
| c | a | s | o | n | r | a | í | b | a |
| á | r | t | f | o | i | r | m | t | i |
| i | i | c | e | i | s | t | a | h | l |
| n | a | s | u | a | l | i | d | n | i |
| n | l | t | í | r | b | a | s | h | g |
| i | t | m | r | r | l | p | i | u | h |
| a | a | d | e | o | í | f | o | n | f |
| b | s | á | e | e | o | l | a | s | m |
| o | n | s | n | b | n | m | e | a | s |
| h | g | i | r | i | a | h | m | o | c |
| o | i | d | e | a | c | h | a | s | b |

An féidir leat na focail seo a fháil?

| | | |
|---|---|---|
| daonra | bailigh | ceist |
| eolas | foirm | iarr |
| oideachas | aibreán | aois |
| meas | sonraí | rialtas |
| cáin | comhairigh | tír |

# Focal Cuardaigh - Freagraí

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | a | o | n | r | a | c | h | i | b |
| c | a | s | o | n | r | a | í | b | a |
| á | r | t | f | o | i | r | m | t | i |
| i | i | c | e | i | s | t | a | h | l |
| n | a | s | u | a | l | i | d | n | i |
| n | l | t | í | r | b | a | s | h | g |
| i | t | m | r | r | l | p | i | u | h |
| a | a | d | e | o | í | f | o | n | f |
| b | s | á | e | e | o | l | a | s | m |
| o | n | s | n | b | n | m | e | a | s |
| h | g | i | r | i | a | h | m | o | c |
| o | i | d | e | a | c | h | a | s | b |

An féidir leat na focail seo a fháil?

| | | |
|---|---|---|
| daonra | bailigh | ceist |
| eolas | foirm | iarr |
| oideachas | aibreán | aois |
| meas | sonraí | rialtas |
| cáin | comhairigh | tír |

M 2.5

# Tomhas an Daonáirimh

Léigh an abairt uimhriúil i ngach bosca thíos.
Dathaigh na boscaí a bhfuil an freagra 23 orthu.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3x4+11 | 9x7-40 | 2x8+7 | 8+19+8 | 5x8-17 | 2x13-3 | 3x11-10 |
| 3x3+20 | 5x4+4 | 4x9-13 | 9+9+9 | 7x8-30 | 96 ÷ 4 | 2x23÷2 |
| 15x2-7 | 2x12-1 | 69 ÷ 3 | 4x8+7 | 30÷3+13 | 24÷2+11 | 3x15-22 |
| 2x3+17 | 39 ÷ 3 | 30÷2+13 | 8+8+8 | 40÷2+13 | 99 ÷ 3 | 92 ÷ 4 |
| 5x6-7 | 30÷2+8 | 18÷3+17 | 10+19+10 | 2x9+5 | 2x9+5 | 7+9+7 |

Céard a thugann tú faoi deara faoin bpatrún datha atá déanta agat?

Scríobh roinnt abairtí uimhriúla a bhfuil 23 mar fhreagra orthu sna boscaí thíos:

M 2.5 a FREAGRA

# Tomhas an Daonáirimh - Freagra

Léigh an abairt uimhriúil i ngach bosca thíos.

Dathaigh na boscaí a bhfuil an freagra 23 orthu.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3x4+11 | 9x7-40 | 2x8+7 | 8+19+8 | 5x8-17 | 2x13-3 | 3x11-10 |
| 3x3+20 | 5x4+4 | 4x9-13 | 9+9+9 | 7x8-30 | 96 ÷ 4 | 2x23÷2 |
| 15x2-7 | 2x12-1 | 69 ÷ 3 | 4x8+7 | 30÷3+13 | 24÷2+11 | 3x15-22 |
| 2x3+17 | 39 ÷ 3 | 30÷2+13 | 8+8+8 | 40÷2+13 | 99 ÷ 3 | 92 ÷ 4 |
| 5x6-7 | 30÷2+8 | 18÷3+17 | 10+19+10 | 2x9+5 | 2x9+5 | 7+9+7 |

Céard a thugann tú faoi deara faoin bpatrún datha atá déanta agat?

Scríobh roinnt abairtí uimhriúla a bhfuil 23 mar fhreagra orthu sna boscaí thíos:

M 2.6

# 23 Aibreán 2006

Beidh an Daonáireamh ann Dé Domhnaigh, 23 Aibreán 2006.

Scrúdaimis an Uimhir Dhraíochta 23.

* An uimhir chorr nó chothrom í 23? ___________
* Cé mhéid digití san uimhir 23? __________
* An bhfuil fachtóirí ag an uimhir 23? Cén t-ainm atá ar an gcineál uimhir seo?
* Cé mhéid fíricí uimhriúla gur féidir leat a lua a thugann iomlán de 23?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

* Cé mhéid míonna den bhliain a bhfuil 23 lá iontu? ______________________
* Liostaigh na príomhuimhreacha a thagann roimh 23?____________________
* Cé mhéid daoine sa rang a bhfuil breithlá ar an 23ú acu? _________
* Cén comhartha réalta atá luaite leis an 23 Aibreán? ______________________
* Cleas uimhreacha. Scríobh an uimhir 23 ar phíosa páipéir. Is í seo uimhir A.
* Iompaigh an uimhir 23 droim ar ais. Is í seo uimhir B.
* Anois suimigh uimhir A agus B lena chéile. Céard é an freagra? ______
* Tóg an uimhir 23 arís. Suimigh an dá digit. Céard é an freagra? _______
* Méadaigh an freagra seo faoi 11. An freagra: ________________
* Cuir an chéad agus an dara freagra i gcomparáid lena chéile. Céard a thugann tú faoi deara?
* Bain triail as seo le tuilleadh uimhreacha dhá digit.